Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11124/26**

**ECOFIN 914**
**UEM 318**
**SOC 443**
**EMPL 245**
**COMPET 858**
**ENV 834**
**EDUC 300**
**ENER 456**
**JAI 894**
**GENDER 131**
**JEUN 174**
**SAN 532**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hIodáile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 212 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hIodáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha, agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hIodáile 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an Iodáil ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhun eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

3 IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[4]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an Iodáil. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Iodáil ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha ábhartha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Iodáil. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hIodáile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Iodáil faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na hIodáile, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 20 Bealtaine 2026[5]. An 3 Meitheamh 2026, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Iodáil. Go háirithe, tá leochaileachtaí roimh an Iodáil a bhaineann le fiachas ard rialtais agus méadú lag táirgiúlachta, leochaileachtaí a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo, agus tá cur chun feidhme leanúnach agus éifeachtach athchóirithe agus infheistíochtaí spreagtha fáis, mar aon le staid fhioscach stuama, ríthábhachtach i gcónaí chun na leochaileachtaí sin a laghdú. Tháinig laghdú ar fhiachas rialtais mar sciar de OTI tar éis na paindéime ach tháinig méadú air in 2024 agus arís in 2025, mar gheall ar an moilliú ar fhás OTI ainmniúil, tionchar moillithe na gcreidmheasanna cánach le haghaidh athchóirithe tithíochta sna blianta roimhe sin, agus na heasnaimh rialtais atá fós suntasach. Meastar go leanfaidh an cóimheas fiachais rialtais de bheith ag méadú in 2026 agus 2027. Tá laghdú tagtha ar an táirgiúlacht oibre le déanaí agus meastar go mbeidh an téarnamh measartha in 2026–2027, rud a leanfaidh le teorainn a chur le fás OTI féideartha agus, dá bhrí sin, a chuirfidh bac ar laghduithe ar chóimheas fiachais an rialtais. Neartaigh na bainc a gcáilíocht sócmhainní agus a mbrabúsacht go mór agus laghdaigh siad a n-iasachtaí neamhthuillmheacha, ach is ábhar imní fós é an nasc ard idir na bainc cheannasacha, ós rud é go bhfuil sealúchais arda fiachais rialtais intíre ag na bainc mar sciar dá sócmhainní, go háirithe i gcás institiúidí nach bhfuil chomh mór céanna agus comharbhainc. Tá feabhas leanúnach ag teacht ar mhargadh an tsaothair, ach is cosúil nach bhfuil leas iomlán á bhaint as an acmhainneacht saothair. Rinneadh bearta chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí seanbhunaithe ach, in ainneoin na gníomhaíochta fairsinge athchóirithe a rinneadh le déanaí, níl gnóthachain mhóra táirgiúlachta le feiceáil go fóill. Ag féachaint chun cinn, tá sé ríthábhachtach i gcónaí athchóirithe agus infheistíochtaí lena gcothaítear fás a chur chun feidhme go leanúnach agus go héifeachtach, mar aon le staid fhioscach stuama, chun feabhas a chur ar mhéadú táirgiúlachta agus chun an cóimheas fiachas rialtais-OTI a laghdú.

[5] SWD(2026) 139 final.

(7) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hIodáile[6]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2029 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 7 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 1,3 % in 2025, 1,6 % in 2026, 1,9 % in 2027, 1,7 % in 2028 agus 1,5 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá -0,7 % in 2025, 0,9 % in 2026, 2,8 % in 2027, 4,6 % in 2028 agus 6,2 % in 2029. Maidir leis na blianta 2025-2026, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh[7]. Ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[8], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Iodáil ar stad.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[9] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go fóill, tráth ar bith go dtí 2028, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú má chomhlíonann siad na critéir a shocraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263.

---

6 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na hIodáile (IO C, C/2025/651, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/651/oj).

7 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Iodáil, a glacadh an 21 Eanáir 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta um easnamh iomarcach maidir leis an Iodáil ag: An Iodáil - Geilleagar agus Airgeadas - an Coimisiún Eorpach.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

(9) An 30 Aibreán 2026, chuir an Iodáil a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026[10] isteach, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hIodáile i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

(10) In 2025, ba é 0,5 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 1,7 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,5 % in 2026 agus faoi 0,6 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,2 % ann in 2026 agus 1,8 % in 2027.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[11], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hIodáile ó easnamh 3,4 % de OTI in 2024 go heasnamh 3,1 % de OTI in 2025 agus tháinig méadú ar a príomhbharrachas ó 0,5 % go 0,8 % de OTI in 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,9 % de OTI in 2026 agus in 2027 araon. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2026 caiteachas níos ísle ar chreidmheasanna cánach athchóirithe maidir le tithíocht, agus meastar go leanfaidh míreanna caiteachais eile, lena n-áirítear infheistíocht phoiblí, de bheith ag méadú, mar aon le hioncam cánach.

---

10 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 0,3 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sí crapthach, faoi 0,3 % de OTI, in 2026 agus faoi 0,5 % de OTI, in 2027.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[13], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na hIodáile ó 134,7 % de OTI ag deireadh 2024 go 137,1 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 riachtanais iasachtaíochta móra a bhaineann le tionchar lagaithe airgid na gcreidmheasanna cánach le haghaidh athchóirithe tithíochta a rinne difear d'easnaimh na mblianta roimhe sin. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 138,5 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 139,2 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú in 2026 agus 2027 tionchar lagaithe airgid na gcreidmheasanna cánach le haghaidh athchóirithe tithíochta, agus tá tionchar laghdaithe fiachais na bpríomhbharrachas fós teoranta.

(14) Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, 1,3 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na hIodáile ar chosaint in 2025 agus réamh-mheastar go mbeidh sé ag 1,2 % de OTI in 2026[14].

---

12 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

13 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

14 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an Iodáil chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[15]. Ar na bearta sin, tá laghdú neamh-spriocdhírithe ar dhleachtanna máil ar bhreoslaí arb é an 22 Bealtaine 2026 an dáta éaga a ghabhann leo agus creidmheas cánach atá dírithe ar fhiontair iompair de bhóthar, iascaireachta agus talmhaíochta arb é an 31 Bealtaine 2026 an dáta éaga a ghabhann leis. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é timpeall 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,3 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas san Iodáil faoi 1,5 % in 2025 agus tháinig laghdú carnach 0,6 % air i gcaitheamh 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais beagán os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall níos lú ná 0,1 % de OTI i dtéarmaí carnacha.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Iodáil faoi 1,4 % in 2026 agus gur fás carnach 0,8 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

---

15 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(18) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na hIodáile, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Dhun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Maidir leis an bpríomhchéim atá dlite faoi R4-2025 a bhaineann leis an méadú ar an gcaiteachas poiblí ar thaighde agus forbairt, arna thomhas leis an gcaiteachas poiblí ar thaighde agus forbairt i dtéarmaí GERD mar sciar den olltáirgeacht intíre fhoriomlán, tagraíonn na staitisticí Eurostat is déanaí do 2024. Mar sin féin, léirítear sna réamh-mheastacháin a chuir údaráis na hIodáile ar fáil go meastar go mbainfidh an caiteachas ar thaighde agus forbairt i dtéarmaí GERD 0,59 % den olltáirgeacht intíre fhoriomlán amach in 2025, rud a thugann le fios gur cosúil go bhfuiltear ar an mbóthar ceart chun an sprioc a bhaint amach. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Iodáil a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán[16].

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(19) D’ainneoin na mbeart struchtúrach a cuireadh chun feidhme le blianta beaga anuas, tá córas cánach na hIodáile fós ag brath den chuid is mó ar chánachas saothair, rud arb é is cúis leis an gcóimheas cánach le OTI atá os cionn mheán an Aontais. Tá an ding chánach i gcás daoine aonair a thuilleann an meánphá os cionn mheán an Aontais agus tá an ding chánach i gcás dhaoine a thuilleann pá íseal faoina bhun, agus tháinig méadú beag ar an dá luach in 2025. Córais speisialta do dhaoine féinfhostaithe agus an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as cánachas ioncaim phearsanta chomhréidh sealadach, fágann na nithe sin go bhfuil an córas cánach an-chasta, go lagaíonn sé dul chun cinn agus go gcreimeann sé an bonn cánach, rud a fhágann go mbíonn caillteanas nach beag ioncaim ann. Ina theannta sin, d’ainneoin laghdú nach beag, tá fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol fós ard, agus úsáidtear caiteachas cánach, lena n-áirítear caiteachas ar CBL, go forleathan. Ar an iomlán, dá n-aistreofaí a thuilleadh an t-ualach cánach atá ar shaothar chuig foinsí eile ioncaim nach bhfuil chomh díobhálach céanna don fhás, chuideofaí leis an acmhainneacht eacnamaíoch a mhéadú. Thairis sin, trí chánachas feithiclí a athdhearadh chun astaíochtaí CO2 a léiriú go cruinn, go háirithe i gcathracha atá plódaithe go mór, d’fhéadfaí cuidiú le bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe a mhaoiniú, rud a laghdódh an spleáchas ard ar iompar de bhóthar. D’ainneoin an athchóirithe a rinneadh le déanaí, tá deis bhreise ann sochair chánach a laghdú i gcás gluaisteáin cuideachtaí inteirmeacha. Ar deireadh, tá imghabháil cánach fós ard, go háirithe i gcás CBL agus i measc oibrithe féinfhostaithe, in ainneoin na bhfrithbheart uaillmhianach a rinneadh le blianta beaga anuas, lena n-áirítear faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Léiríonn sonraí ón ngníomhaireacht ioncaim maidir leis na chéad 5 mhí de 2026 roinnt torthaí dearfacha. An tráth céanna, tá baol ann i leith bearta a rinneadh le déanaí cosúil le pardún cánach go mbeidh siad fritorthúil ó thaobh comhlíonadh cánach de.

(20) Níor dhearnadh luachanna cadastracha a ailíniú go córasach le luachanna margaidh go fóill. Mar sin féin, tá gealltanas tugtha ag an Iodáil ina Plean Fioscach-Struchtúrach Meántéarmach (MTFSP) luachanna cadastracha a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh maoine nach gcuimsítear leis an gclár go fóill agus le haghaidh foirgnimh a thairbhigh de scéimeanna poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus/nó idirghabhálacha athchóirithe tí. Díolmhaítear príomháiteanna cónaithe ó chánachas maoine athfhillteach, i gcás beagnach gach aicme maoine. Is é an toradh atá air sin ioncam íseal ó mhaoin ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear i gcathracha a bhfuil dúshlán inacmhainneachta tithíochta rompu. I dtuairim is an deichiú cuid de chúigí na hIodáile, is é níos mó ná aon trian den mheánphá atá i gcostais chíosa, d’ainneoin cíos rialáilte a bheith ann. Tá sciar na tithíochta sóisialta íseal san Iodáil, le stoc tithíochta poiblí teoranta agus liostaí feithimh an-fhada. Tá sciar ard teaghaisí neamháitithe agus líon ard cíosanna gearrthéarmacha san Iodáil freisin. Tá freagrachtaí roinnte idir riarachán náisiúnta agus fonáisiúnta, cé nach bhfuil aon chreat comhordaithe náisiúnta cuimsitheach ann. Chuir easpa cistithe struchtúraigh teorainn bhreise le héifeachtacht an bheartais tithíochta. Ghlac an rialtas Piano Casa le déanaí, agus tá a mheasúnú agus a chur chun feidhme fós ag céim an-luath.

(21) Sna blianta amach romhainn, meastar go gcuirfidh brú fioscach mór isteach ar an airgeadas poiblí, lena n-áirítear costais a bhfuil méadú ag teacht orthu a bhaineann le forbairtí déimeagrafacha. Go háirithe, déantar sciar nach beag d’acmhainní poiblí a ionsú le pinsin seanaoise agus le costais seirbhísithe fiachais, rud a chuireann teorainn leis an spás fioscach do thosaíochtaí eile. Tá méadú nach beag tagtha ar an infheistíocht phoiblí i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, a bhuí le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freisin. An tráth céanna, tá laghdú tagtha ar an gcaiteachas ar roinnt réimsí beartais lena gcothaítear fás, lena n-áirítear oideachas agus sláinte, i gcomparáid le 2019 mar sciar den chaiteachas iomlán. Le creat dlíthiúil nua, ceanglaítear ar aireachtaí meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar bheartais chaiteachais faoi na ‘Pleananna Anailíse agus Meastóireachta Caiteachais’ nua, i gcomhréir le gealltanais MTFSP. Chun éifeachtúlacht agus cáilíocht an chaiteachais phoiblí san Iodáil a fheabhsú, beidh sé ríthábhachtach an creat measúnaithe nua a chur chun feidhme go críochnúil agus obair leantach a dhéanamh le gníomhaíochtaí beartais éifeachtacha bunaithe ar thorthaí meastóireachta.

(22) Tá an Iodáil ar cheann de na Ballstáit ina bhfuil an daonra is sine agus an ráta torthúlachta is ísle, agus tá a gcéad leanbh á shaolú ag mná ag aois atá níos airde ná an meán. Tá imirce daoine oilte fós ann agus tá go leor cónaitheoirí óga ardcháilithe ag lorg deiseanna níos fearr thar lear, agus tá an Iodáil ag streachailt chun tallann a mhealladh agus a choinneáil. Tá an laghdú ar an daonra in aois oibre ag dul in olcas mar gheall ar rannpháirtíocht íseal leanúnach i margadh an tsaothair i measc na mban agus na ndaoine óga. Cé go bhféadfadh imirce dhleathach dhea-bhainistithe éifeachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha an mheatha dhéimeagrafaigh a mhaolú, ba cheart dul níos faide le cur chuige níos iomlánaíche agus níos struchtúrtha ná dreasachtaí airgeadais chun timpeallacht thacúil a chruthú do thuismitheoirí trí phoist chobhsaí, trí bheartais saothair agus trí bhearta níos leithne a ghlacadh chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht an lucht saothair i measc na mban agus na ndaoine óga, agus tallann ardcháilíochta á mealladh agus á coinneáil an tráth céanna. Meastar go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas a bhaineann le haois, rud a chuirfidh isteach ar an airgeadas poiblí. D’ainneoin athchóiriú pinsean 2011, meastar fós go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas caiteachais pinsin-OTI sa mheántéarma mar gheall ar threochtaí déimeagrafacha, lena n-áirítear cóimheas cleithiúnais seanaoise atá ag dul i méid, agus éifeacht na scéimeanna luathscoir a tugadh isteach in 2019 agus a athnuadh sna blianta roimhe sin, cé gur laghdaíodh an cóimheas sin de réir a chéile agus nár athnuadh é in 2026. Le dlí buiséadach 2026, tugadh isteach bearta chun rannpháirtíocht i scéimeanna pinsin fhorlíontaigh a chothú, scéimeanna ar féidir leo rannchuidiú freisin le leordhóthanacht fheabhsaithe pinsean ós comhlánú ar phinsin phoiblí atá ann. Go dtí seo, áfach, tá an rannpháirtíocht fós teoranta (38,3 % den lucht saothair), níl ach 29 % de na rannpháirtithe faoi bhun 40 agus is beag an rannpháirtíocht i measc daoine féinfhostaithe. An tráth céanna, déantar an nasc uathoibríoch idir aois scoir agus ionchas saoil a athbhunú go páirteach, agus tá an reo méadaithe 3 mhí teoranta do chatagóirí áirithe oibrithe amháin. Is féidir bearta chun inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a áirithiú a chomhlánú le bearta chun fanacht sa lucht saothair go dtí níos déanaí sa saol a éascú, lena n-áirítear trí shocruithe solúbtha oibre agus trí bheartais bhainistíochta a bhaineann go sonrach le haois.

(23) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(24) San Iodáil, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), is luas é atá faoi bhun meánluas cur chun feidhme an Aontais i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun baint amach tapa na n-infheistíochtaí sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú an tráth céanna. Tá dúshláin fós le sárú ag an Iodáil maidir le cur chun feidhme, mar gheall ar acmhainneachtaí riaracháin laga, cur chun feidhme mall tionscadal bonneagair, agus comhordú lag idir an leibhéal lárnach, an leibhéal réigiúnach agus leibhéil eile den rialtas, go háirithe i roinnt réimsí beartais d’fhreagrachtaí comhroinnte. Cuireann na saincheisteanna sin bac ar dhul chun cinn ó thaobh na fostaíochta, scileanna agus an chuimsithe shóisialta, agus an tráth céanna cuireann siad moill ar infheistíochtaí faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip nó i dtithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe. Thairis sin, ní mór don Iodáil dlús a chur le cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Iodáil ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[17], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

(25) Tá roinnt dúshlán roimh an Iodáil a bhaineann le taighde agus nuálaíocht, fás gnólachtaí agus maoiniú neamhbhainc, straitéis thionsclaíoch, riarachán poiblí, ceartas agus iomaíocht. Tá dúshláin roimpi freisin a bhaineann leis an oiriúnú don athrú aeráide, le hearnálacha an fhuinnimh agus na dramhaíola agus an uisce chomh maith le margadh an tsaothair, scileanna, oideachas agus sláinte.

---

[17] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(26) Cuirtear bac ar acmhainneacht táirgiúlachta agus fáis na hIodáile mar gheall ar infheistíocht theoranta phoiblí agus phríobháideach sa taighde agus san fhorbairt. I gcomparáid lena piaraí san Aontas, níl tacaíocht phoiblí na hIodáile don nuálaíocht chomh cuimsitheach agus chomh flaithiúil céanna, d'ainneoin méadú le déanaí, agus bhainfeadh sí tairbhe as leithdháileadh níos straitéisí acmhainní agus as comhar poiblí-príobháideach, i gcomhréir le gealltanais MTFSP. Sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí an bheartais comhtháthaithe, tá roinnt tionscnamh chun tacú leis an gcomhar idir gnólachtaí agus an saol acadúil, ar tionscnaimh iad atá fós ilroinnte agus nach bhfuil rialachas náisiúnta comhleanúnach acu. Soláthar nuálaíochta, atá teoranta faoi láthair d'earnáil na cosanta agus don earnáil ghlas, d'fhéadfadh ról nach beag a bheith aige maidir le margaí a fhorbairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus caiteachas poiblí a dhéanamh níos éifeachtúla an tráth céanna. D'ainneoin méadú áirithe in 2025, tá acmhainní teoranta ag an gcóras ollscoile, agus tá ceann de na figiúirí is ísle maidir le caiteachas ollscoile i measc thíortha ECFE ag an Iodáil. Thairis sin, na dreasachtaí le haghaidh ollscoileanna agus taighdeoirí chun gníomhaíochtaí luachshocraithe taighde agus gníomhaíochtaí aistrithe teicneolaíochta a dhéanamh, tá siad teoranta fós. Tá gairmeacha taighde mall agus dothuartha. Le hathchóiriú a glacadh in 2025, tá méadú tagtha ar an líon uirlisí conarthacha gearrthéarmacha neamhtionachta do thaighdeoirí, agus tá an baol ann go ndéanfar difear breise don chonair ghairme do thaighdeoirí. An tráth céanna, thug an Iodáil plean earcaíochta urghnách isteach le dlí buiséadach 2026, ar cheart dó tacú le roinnt poist bhuana bhreise a chruthú. Mar sin féin, is gá feabhas a chur ar phleanáil fhadtéarmach earcaíochta agus gníomhaíochtaí á ndéanamh an tráth céanna chun dlús a chur le conair ghairme taighdeoirí. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar oifigí aistrithe teicneolaíochta, tá siad fós measartha beag ó thaobh scála de agus níl acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais acu chun tacú le haschuir thaighde a aistriú go deiseanna nua gnó, agus ba cheart sineirgí le hinfheisteoirí caipitil fiontair a neartú freisin. Céim thábhachtach chun cinn a bheadh sa Ghníomh um Beartas Straitéiseach 2026-2028 maidir le Feabhsú Eolais agus Aistriú Teicneolaíochta, a luaithe a ghlacfar é, a bhuí le príomhthosaíochtaí agus línte idirghabhála straitéiseacha a shainaithint.

(27) D’fhéadfadh fás lag táirgiúlachta na hIodáile a bheith ina léiriú ar shrianta struchtúracha atá nasctha le sciar réasúnta teoranta den bhreisluach a ghineann gnólachtaí móra agus le tromlach na micrifhiontar agus na bhfiontar beag, fiontair a bhainistíonn teaghlaigh go minic agus a bhaineann tearcúsáid as cleachtais bhainistíochta ghairmiúla, rud a chuireann bac ar nuálaíocht agus ar tháirgiúlacht. Díspreagtar comhdhlúthú agus fás le beartais chánach, amhail an córas cánach cnapshuime simplithe do mhicreaghnólachtaí agus cóireáil chánach fhabhrach do ghnólachtaí a fuarthas le hoidhreacht (rud a éilíonn go leantar den ghnólacht a rialú ar feadh 5 bliana). Dá bhrí sin, bhainfeadh an Iodáil tairbhe as uas-scálú gnólachtaí nuathionscanta agus comhiomlánú fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a chur chun cinn, trí bhacainní rialála agus cánach a bhaint, bainisteoirí gairmiúla seachtracha a chur chun cinn, bainisteoirí a uas-sciliú, nuálaíocht agus rochtain ar mhargaí caipitil a neartú. Rinneadh bearta dearfacha i roinnt de na réimsí sin, mar shampla trí chur chun feidhme leanúnach S.C. Legge Capitali, tríd an dlí bliantúil le haghaidh FBManna a glacadh le déanaí agus tríd an ngníomh tarmligthe chun gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha a athchóiriú. D’fhéadfadh ról níos mó a bheith ag coigilteas ard intíre na hIodáile, ar príomhneart eacnamaíoch é, maidir le fás agus nuálaíocht a mhaoiniú, rud a chuideodh le cuideachtaí scálú a dhéanamh, dá ndéanfaí é a shlógadh ar bhealach níos fearr. Ba cheart margaí caipitil na hIodáile a fhorbairt a thuilleadh agus a ndoimhneacht agus a leachtacht a mhéadú trí thacú leis an éileamh, liostuithe nua cothromais a spreagadh, agus eisiúintí bannaí corparáideacha a chur chun cinn. Is céim sa treo ceart é an t-athchóiriú ar mhargaí caipitil agus ar an dlí corparáideach a glacadh le déanaí. D’fhéadfaí na scéimeanna ráthaíochta agus na dreasachtaí atá ann cheana a athdhíriú chun tús áite a thabhairt don éileamh ar ionstraimí margaidh caipitil agus chun tacú leis an éileamh sin. Tá rochtain ar mhaoiniú neamhbhainc fós teoranta go háirithe do ghnólachtaí nuálacha, ós rud é go bhfuil an margadh caipitil, go háirithe caipiteal fiontair intíre, fós tearcfhorbartha, d’ainneoin é a bheith ar chonair fáis. Is é is cúis leis sin go háirithe láithreacht theoranta infheisteoirí institiúideacha agus corparáideacha agus an líon beag deiseanna scoir. Cé go bhfuil roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun tacú le caipiteal fiontair agus cothromas príobháideach a fhorbairt, ba cheart tuilleadh iarrachtaí poiblí a dhíriú ar dheighleoga margaidh luathchéime agus a bhfuil riosca níos mó ag baint leo, chomh maith le hinfheisteoirí institiúideacha a mhealladh agus a ghiaráil trí úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais agus struchtúir ciste cistí a bhfuil gnéithe iomchuí dí-rioscaithe ag baint leo. Dá méadófaí cumas infheisteoirí institiúideacha intíre, amhail cistí pinsin agus go háirithe árachóirí, infheistíocht a dhéanamh i gcineálacha sócmhainní a bhfuil tréimhse infheistíochta ionchasach níos faide acu, d’fhéadfaí rochtain ar mhaoiniú neamhbhainc a fheabhsú.

(28) Leanann táirgiúlacht mharbhánta de bheith ina saintréith den Iodáil, rud a léiríonn bearnaí láidre freisin idir réigiúin an Tuaiscirt agus an Deiscirt. Sa Deisceart, bíonn tionchar ag meánmhéid gnólachta níos lú agus ag comhchruinniú níos lú in earnálacha traidisiúnta ar tháirgiúlacht, agus cuireann easnaimh bhonneagair teorainn leis an iomaíochas. Bhainfeadh an Iodáil tairbhe as straitéis thionsclaíoch atá dírithe ar an nuálaíocht chun acmhainní a stiúradh i dtreo earnálacha agus teicneolaíochtaí ard-bhreisluacha agus chun forbairt an Deiscirt a chur chun cinn, go háirithe trí acmhainní a chur i leataobh do na réigiúin bheagfhorbartha agus trí dhíriú ar earnálacha straitéiseacha. Cé gurb é an Leabhar Bán 'Déanta san Iodáil 2030' an chéad chéim i dtreo straitéis thionsclaíoch a shainiú, is dúshlán fós é gníomhaíochtaí beartais soiléire a chur chun feidhme agus struchtúr rialachais a chruthú don bheartas tionsclaíoch. Bhainfeadh na 18 slabhra táirgeachta (Filiere produttive) a shainaithnítear sa Leabhar Bán tairbhe as treoshuíomh straitéiseach, lena n-áirítear béim ar earnálacha ard-bhreisluacha agus raon feidhme críochach, chun an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go mbeadh an iarracht phoiblí neamhroghnaitheach agus neamhéifeachtach a sheachaint. I gcomhréir le sprioc MTFSP, tá gá le hiarracht bhreise chun níos mó ná 2700 dreasacht náisiúnta agus réigiúnach a chuíchóiriú agus a chobhsú agus chun acmhainní ad hoc a chur i leataobh don Deisceart. Bhainfeadh an straitéis thionsclaíoch tairbhe as comhordú níos fearr le pleanáil infheistíochta bonneagair agus taighde, mar aon le húsáid meascán beartais atá spriocdhírithe go háitiúil (e.g. dreasachtaí, pleanáil spásúlachta agus forbairt bonneagair) chun fás tionsclaíoch agus claochlú struchtúrach a chur chun cinn, go háirithe sa Deisceart. Ar deireadh, beidh gá le hiarracht leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar bhearna leanúnach bhonneagair na hIodáile idir an Tuaisceart agus an Deisceart, go háirithe trí na tionscadail mhórscála a tionscnaíodh faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoin mbeartas comhtháthaithe a thabhairt chun críche, agus béim á leagan ar rochtain ar chriosanna tionsclaíocha agus ar nascacht an mhíle deiridh a fheabhsú. Ní mór aird a thabhairt freisin ar bhonneagar bóithre agus calafoirt agus ar nóid lóistíochta ilmhódacha, mar aon le Straitéis Iompair ilbhliantúil agus ilmhódach a ghlacadh.

(29) Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Iodáil maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht a riaracháin phoiblí chomh maith le hiarrachtaí simpliúcháin, le tacaíocht ó na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta freisin. Mar sin féin, tá deis ann feabhas a chur ar chúrsaí fós. Cé go dtuairiscíonn 41 % de ghnólachtaí na hIodáile go bhfuil siad míshásta (i gcomparáid le meán 24 % an Aontais), tá laghdú 14 phointe céatadáin tagtha ar an sciar de shaoránaigh a mheasann go bhfuil nósanna imeachta riaracháin phoiblí casta agus trom ó bhí 2023 ann, rud a fhágann go bhfuil an Iodáil i gcomhréir, tríd is tríd, le meán an Aontais (an Iodáil 39 %; An tAontas Eorpach 38 % in 2025). Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, lena n-áirítear a bhuí leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, bheadh sé tábhachtach idir-inoibritheacht agus glacadh na n-ardán uile a neartú a thuilleadh chun feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní daonna, ar oiliúint agus ar earcú seirbhíseach poiblí. Bheadh sé tairbheach freisin borradh a chur faoin tsoghluaisteacht chothrománach agus ingearach, meastóireachtaí feidhmíochta agus dul chun cinn gairme a chur chun cinn a thuilleadh, uas-sciliú agus athsciliú a neartú, chomh maith le comhionannas agus cuimsiú a chur chun cinn i gcás gach leibhéal riaracháin, i gcomhréir le gealltanais MTFSP. Tá an Iodáil ag leanúint dá hiarrachtaí simpliúcháin trí Italia Semplice a bhunú, in éineacht le córas malartaithe sonraí idir-inoibritheach nua ar fud an ardáin córais ilfhreastail atá ann cheana do ghnólachtaí ach tá gá le próisis riaracháin a chuíchóiriú a thuilleadh, rud a chuirfidh le hidiroibríochtú na n-ardán atá ann cheana. Ina theannta sin, tá an acmhainneacht riaracháin fós míchothrom ar fud na réigiún, agus srianta móra ann ar an leibhéal áitiúil, go háirithe sa Deisceart agus ó thaobh réimsí amhail digiteáil, acmhainneacht chinnteoireachta, agus bainistíocht airgeadais phoiblí, agus idir bardais bheaga agus bardais níos mó. Tá sé ríthábhachtach straitéis uileghabhálach agus struchtúrach maidir le hacmhainneacht riaracháin a fhorbairt, rud arb é an dúshraith a bheidh faoi an plean téarnaimh agus athléimneachta agus bearta an bheartais chomhtháthaithe, lena n-áirítear Acmhainneacht an Chláir Náisiúnta um Chomhtháthú. D'fhéadfaí roinnt beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a chuimsiú sa straitéis sin, bearta a bhfuil sé cruthaithe ina leith go raibh siad éifeachtach maidir le tacú leis an riarachán áitiúil tionscadail an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, agus an tráth céanna cosc a chur ar bhearnaí críochacha a leathnú a thuilleadh. Cé go bhfuil réigiúin a bhfuil acmhainní níos fearr acu ag cur le taithí an phlean téarnaimh agus athléimneachta, bhainfeadh réigiúin nach bhfuil na hacmhainní céanna acu, go háirithe sa deisceart, tairbhe as tacaíocht níos gníomhaí agus níos spriocdhírithe ón riarachán lárnach. Thairis sin, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach foirmeacha comhlachas riaracháin a chur chun cinn, go háirithe i gcás riaracháin bheaga, go háirithe sa Deisceart.

(30) Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá pacáiste cuimsitheach athchóirithe á chur chun feidhme ag an Iodáil chun éifeachtúlacht na gcóras sibhialta, coiriúil, dócmhainneachta agus ceartais cánach a mhéadú. Chuidigh cruthú oifigí trialach agus digiteáil trialacha, lena gcuirtear tacaíocht eagraíochtúil agus dhlíthiúil ar fáil do bhreithiúna, le héifeachtúlacht chúirte a fheabhsú. Tá dúshláin ann go fóill, áfach. Tháinig méadú ar an aga diúscartha i gcásanna tromchúiseacha sibhialta agus tráchtála i gcúirteanna céadchéime in 2024, agus tá sé fós ar cheann de na hagaí is faide san Aontas. Tháinig laghdú ar an aga iarbhír chun teacht ar chinneadh le haghaidh cásanna riaracháin ag an gcéad chéim in 2024, ach tá sé fós ar cheann de na hagaí is faide san Aontas. Dá ndéanfaí oifig na dtrialacha a institiúidiú agus bearta a threisiú chun an brú ar chúirteanna agus meánfhaid na dtrialacha a laghdú a thuilleadh (mar shampla, in earnálacha ceartais a bhfuil ró-ualach orthu, amhail Ceartas na Síochána), agus an tráth céanna leanúint d'aghaidh a thabhairt ar ghanntanais acmhainní daonna (giúistísí agus foireann na cúirte) agus digiteáil iomlán an chórais ceartais a bhaint amach, chuideofaí le héifeachtúlacht an chórais a mhéadú, i gcomhréir freisin le gealltanais MTFSP na hIodáile.

(31) Creatdálaí níos fearr le haghaidh iomaíochta maidir le roinnt earnálacha a áirithiú agus an iomaíocht *le haghaidh* na margaí agus *sna* margaí araon a mhéadú, chumasódh an méid sin leithdháileadh níos éifeachtúla acmhainní, rachadh sé chun tairbhe do thomhaltóirí agus bheadh iomaíochas agus gnóthachain táirgiúlachta mar thoradh air, rud a mheallfadh infheistíochtaí nua freisin. Faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá dul chun cinn déanta ag an Iodáil i dtaobh roinnt earnálacha tábhachtacha, lena n-áirítear fuinneamh, iompar agus seirbhís phoiblí áitiúla, agus tá a rialacha náisiúnta maidir le rialú cumasc nuachóirithe aici. Tá gá fós le tuilleadh tionscnamh reachtach chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) tairiscint iomaíoch lamháltas dáilte fuinnimh a áirithiú; (ii) iompar, go háirithe d'fhonn na hathchóirithe ar son na hiomaíochta a chur chun feidhme go hiomlán maidir le réimsí na n-iarnród, na mórbhealaí agus na gcalafort, agus (iii) cúram sláinte, go háirithe trí phrionsabail ar son na hiomaíochta agus tairiscintí oscailte trédhearcacha a áirithiú. Ina theannta sin, d'áiritheofaí iniomaíocht an mhargaidh le tairiscintí oscailte agus trédhearcacha maidir le lamháltais atá ag dul in éag in earnálacha éagsúla (lena n-áirítear earnálacha rialáilte). Mhéadódh sé sin an brú iomaíoch ar na hoibreoirí atá ann faoi láthair agus sheachnófaí moill a chur ar infheistíochtaí, iad a chur ar fionraí nó iad a chur ar aghaidh go míchuí chuig tomhaltóirí/úsáideoirí. Ar deireadh, déanann bacainní rialála difear do thrádáil earraí laistigh den Aontas, agus cruthaíonn rialacha náisiúnta maidir le pacáistiú agus lipéadú ualaí comhlíontachta.

(32) Tá praghsanna leictreachais san Iodáil i measc na bpraghsanna leictreachais is airde san Aontas mar gheall ar a spleáchas struchtúrach ar ghiniúint chostasach gásadhainte. Tá sé sin, agus go háirithe an cóimheas ardaithe praghsanna idir leictreachas agus gás, ina phríomhbhacainn ar leictriú do theaghlaigh agus don tionscal araon. D'ainneoin acmhainneacht mhór neamhshaothraithe, tá an fás in-athnuaite rómhall chun spriocanna 2030 a bhaint amach: dlús a chur le himscaradh foinsí in-athnuaite fuinnimh, chuideodh sé sin le praghsanna leictreachais a mhaolú sa mheántéarma. Thacódh tacaíocht leanúnach trí cheantanna in-athnuaite agus stórála chomh maith le cur chun feidhme iomlán athchóiriú ceadaithe 'Testo Unico' ar an leibhéal réigiúnach freisin leis an gcuspóir sin. Cánachas fuinnimh a ailíniú le cuspóirí dícharbónaithe, cánacha agus tobhaigh ar leictreachas a laghdú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear tobhaigh pharaifhioscacha ('oneri generali di sistema'), laghdódh an méid sin na dídhreasachtaí atá ann cheana i gcás leictrithe, go háirithe do ghnólachtaí agus don tionscal. Chun sciartha níos airde d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú, ní mór dlús a chur le hinfheistíochtaí chun an eangach leictreachais a neartú agus chun plódú a laghdú, agus an tionchar ar bhillí tomhaltóirí á theorannú an tráth céanna. Cuimsítear leis sin infheistíocht a dhéanamh in idirnaisc trasteorann agus aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna ar nascadh leis an eangach dáileacháin. Ba cheart don Iodáil leanúint freisin de sholúbthacht neamh-iontaise a chur chun cinn amhail sásraí stórála agus freagartha don éileamh.

(33) Tá tionchair eacnamaíocha thromchúiseacha roimh an Iodáil mar gheall ar rioscaí aeráide atá ag dul in olcas, go háirithe guaiseacha hidrigeolaíocha, agus léiríonn na táscairí atá ar fáil ceann de na cóimheasa is airde damáiste de dheasca tubaistí nádúrtha agus OTI san Aontas. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an bPlean Náisiúnta um Oiriúnú a chur chun feidhme le bunú na Faireachlainne Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide, tá rialachas na mbeartas um oiriúnú don athrú aeráide fós ilroinnte ar fud na n-údarás, ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon. Léiríonn na meastacháin atá ar fáil go mbeidh gá le hinfheistíocht shuntasach san oiriúnú don athrú aeráide sna blianta amach romhainn. D'fhéadfadh pleanáil chomhdhlúite le haghaidh infheistíochtaí san oiriúnú don athrú aeráide agus i laghdú rioscaí hidrigeolaíocha cuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an tsaincheist sin. Cé gur rannchuidigh tabhairt isteach árachais éigeantaigh in aghaidh tubaistí nádúrtha le déanaí le haghaidh cuideachtaí le haghaidh a thabhairt ar an mbearna cosanta árachais aeráide, ba cheart réitigh chothroma inacmhainne a fhiosrú agus a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an mbearna atá fós gan réiteach. Cuireann séalú ithreach a bhfuil méadú tagtha air leis an tsoghabháltacht ard i leith rioscaí hidrigeolaíocha. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith ina fhrithbheart éifeachtach úsáid níos mó a bhaint as réitigh dhúlrabhunaithe, réitigh lena dtacódh fardal náisiúnta a thabhairt isteach agus comhtháthú níos sistéamaí i bpleanáil úsáide talún.

(34) Easnaimh bhonneagair ó thaobh bainistiú uisce agus dramhaíola, bíonn tionchar tromchúiseach acu, go háirithe i réigiúin an deiscirt, ar sholáthar seirbhísí poiblí áitiúla agus ar an gcomhshaol, agus baineann costais shuntasacha ar shaoránaigh agus ioncam caillte do gheilleagar na hIodáile leo. Cé go ndearnadh infheistíochtaí substaintiúla in earnálacha na dramhaíola agus an uisce, le tacaíocht ón bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ó chistí an bheartais chomhtháthaithe, tá sé tábhachtach leanúint den dul chun cinn maidir le bearnaí bonneagair a dhúnadh.

(35) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Iodáil in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(36) Cáilíocht poist atá íseal ó thaobh struchtúir de, lena n-áirítear pá íseal, dúshláin maidir le slándáil post agus gairme chomh maith le comhionannas inscne, tá na nithe sin fós ina mbacainní móra a bhfuil gníomhaíocht chinntitheach ag teastáil ina leith. D'ainneoin méaduithe le déanaí, tá an Iodáil i measc na mBallstát ina bhfuil an laghdú is mó tagtha ar fhíorphá ó bhí 2019 ann. Cé go bhfuil srian ar fhás pá mar gheall ar mhéadú táirgiúlachta atá íseal ó thaobh struchtúir de, tá marbhántacht pá níos measa freisin mar gheall ar dhumpáil chonarthach, moilleanna ar athnuachan conarthaí, agus úsáid theoranta na margála dara leibhéal, go háirithe i measc FBManna agus sa Deisceart. D'ainneoin an laghdú atá tagtha ar sciar na bhfostaithe ar théarma seasta, laghdú a bhaineann le daingniú ar mhargadh an tsaothair, tá an sciar fós ar na cinn is airde san Aontas. Tá sciar na hIodáile de chonarthaí páirtaimseartha agus sealadacha ainneonacha fós ar cheann de na sciartha is airde, rud a dhéanann difear díréireach do mhná, do dhaoine óga agus d'imircigh. Tá aistrithe ó phoist shealadacha go poist bhuana fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Bearta agus tionscnaimh chun dul i ngleic le deighilt mhargadh an tsaothair agus chun tacú le torthaí éifeachtacha cómhargála, chuideodh siad sin go mór le pá a mhéadú go leordhóthanach agus le cáilíocht fhoriomlán na bpost a fheabhsú. Is iad rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus rátaí fostaíochta na mban, lena n-áirítear fostaíocht pháirtaimseartha, na bearnaí is airde i gcomparáid le rátaí na bhfear san Aontas. Is iad réigiúin an deiscirt is cúis leis sin, ar réigiúin iad ina bhfuil an cumhdach cúraim leanaí is ísle freisin. Tá méadú ag teacht ar riachtanais cúraim fhadtéarmaigh, ach níl an méadú céanna ag teacht ar sholáthar seirbhíse, go háirithe i réigiún an Deiscirt. Cé go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta maidir le cumhdach cúraim leanaí a leathnú ar an leibhéal náisiúnta, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán a leathnú sna réigiúin a bhfuil an cumhdach is ísle acu, agus inacmhainneacht á háirithiú an tráth céanna.

(37) Ní mór leanúint d’aghaidh a thabhairt ar obair neamhdhearbhaithe atá forleathan agus ag dul i méid chun cáilíocht post agus iomaíocht chóir a chur chun cinn i measc gnólachtaí, rud arb é an dúshraith a bheidh faoi athchóirithe plean téarnaimh agus athléimneachta a rinneadh le déanaí. Ba cheart cur le héifeachtacht agus acmhainneacht riaracháin na cigireachta saothair trí dhálaí oibre feabhsaithe arb é is aidhm dóibh an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí, agus trí chomhroinnt agus comhordú sonraí breise ar fud na n-eintiteas a dhéanann cigireachtaí. Bhainfeadh na hearnálacha is mó a ndéantar difear dóibh, amhail obair tí agus talmhaíocht, tairbhe as idirghabhálacha spriocdhírithe, lena n-áirítear bearta coisctheacha. Ba cheart dul i ngleic leis an dúshaothrú saothair, a mbíonn tionchar ar leith aige ar imircigh, lena n-áirítear trí rochtain ar fhostaíocht rialta a fheabhsú dóibh siúd atá san Iodáil cheana féin, agus trí chosaint agus for-rochtain iomchuí d’íospartaigh a áirithiú, agus trí dhálaí tithíochta míchuí a chosc, go háirithe d’oibrithe talmhaíochta.

(38) Tá bunscileanna daoine fásta fós i measc na mbunscileanna is ísle san Aontas, tá an ráta mímheaitseálacha scileanna maicreacnamaíocha i measc na rátaí is airde agus, an tráth céanna, cuireann rannpháirtíocht íseal agus rannpháirtíocht laghdaitheach daoine fásta san oiliúint bac breise ar fhorbairt an chaipitil dhaonna agus, dá réir sin, ar tháirgiúlacht. Tá athchóirithe ábhartha déanta ag an Iodáil agus tá infheistíocht déanta aici san fhoghlaim aosach le blianta beaga anuas, go háirithe i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar sin féin, tá bacainní ar oiliúint fós ann, go háirithe maidir le hathsciliú agus cláir oiliúna níos faide. Ar bhonn measúnú fónta leanúnach ar thorthaí Bheartais Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair agus ar bhearta oiliúna a tugadh isteach le blianta beaga anuas, ní mór tacú leis an gcóras comhtháite lena soláthraítear tacaíocht dífhostaíochta, seirbhísí sóisialta agus oiliúint trí mhaoiniú inbhuanaithe tar éis 2026. Ba cheart bacainní ar ghlacadh oiliúna, lena n-áirítear bacainní ar Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint, a laghdú a thuilleadh. I bhfianaise na n-éagothromaíochtaí móra réigiúnacha a bhaineann le torthaí ar an bhfoghlaim aosach agus leis an bhfostaíocht, tá sé ríthábhachtach díriú níos fearr ar bhearta gníomhachtúcháin. Tá sé ríthábhachtach freisin feabhas a chur ar fhaisnéis agus réamhaisnéis scileanna. I ndáil leis an méid sin, bhainfeadh faireachlanna réigiúnacha tairbhe as an gcóras comhtháite náisiúnta lena ndéanfaí an soláthar scileanna a ailíniú leis an éileamh a fhorbairt a thuilleadh, agus leas á bhaint as sonraí maidir leis an margadh saothair áitiúil agus uirlisí intleachta saorga á ngiaráil. D’fhéadfaí an tsamhail rialachais maidir le réamhaisnéis agus soláthar scileanna a neartú trí éifeachtacht oiliúna agus dearbhú cáilíochta a chur ina chroílár agus trí chomhar a dhoimhniú i measc soláthraithe oiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus fostóirí, rud arb é an dúshraith a bheidh faoi, mar shampla, taithí rathúil ‘Fondi Interprofessionali’.

(39) Tá gá le tuilleadh iarrachta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí laga agus míchothroma oideachais na hIodáile, agus chun feabhas a chur ar infhostaitheacht céimithe treasacha. Cé gur laghdaíodh go mór luathfhágáil na scoile go ginearálta, níl na torthaí foghlama ag na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim agus tá siad fós leochaileach. Sa Deisceart, ní éiríonn le 46 % de dhaltaí inniúlacht bhunúsach a bhaint amach, agus tá thart ar thrí oiread níos mó seans ann nach n-éireoidh go maith le mic léinn faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid lena bpiaraí a bhfuil buntáiste acu. Fócas níos mó agus idirghabháil spriocdhírithe ar na scoileanna is measa feidhmíocht, lena n-áirítear dreasachtaí chun múinteoirí a bhfuil taithí acu a mhealladh, scolaíocht lánaimseartha a leathnú chun infheistíochtaí bonneagair na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a ghiaráil agus tionscnaimh rathúla amhail 'Piano Estate', Agenda Sud agus Agenda Nord a mhéadú, d'fhéadfadh na nithe sin a bheith ina gcuidiú. Agus infheistíochtaí plean téarnaimh agus athléimneachta á ngiaráil, thairbheodh curricula de chur chuige atá bunaithe ar scileanna. Tar éis réamhthorthaí dearfacha, beidh tuilleadh measúnaithe ar an treoirthionscadal 4 Bliana um Athchóiriú Ardscoile ríthábhachtach freisin chun athchóiriú struchtúrach ar thimthriall an oideachais a dhearadh. Tá sé ríthábhachtach freisin gairm na múinteoireachta a dhéanamh níos tarraingtí. Agus athchóiriú ghairm na múinteoireachta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta mar dhúshraith, tá gá le coinníollacha fostaíochta níos cobhsaí do mhúinteoirí neamhreachtúla, nasc níos soiléire idir tuarastail, cáilíochtaí agus feidhmíocht, agus forbairt ghairmiúil agus soghluaisteacht níos láidre. Sciar na hIodáile de dhaoine idir 25 agus 34 bliana d'aois a bhfuil cáilíocht threasach acu, chomh maith le hinfhostaitheacht céimithe nua, tá sé fós ar cheann de na sciartha is ísle san Aontas, is iad amanna céime fada, rátaí arda luathfhágála, torthaí ísle ar oideachas agus mímheaitseálacha móra scileanna is cúis leis. Agus iarrachtaí an phlean téarnaimh agus athléimneachta mar dhúshraith, lena n-áirítear chun inniúlachtaí a bhaineann le ETIM, cúrsaí digiteacha agus IA trasna na leibhéal oideachais, i dteannta an athbhreithnithe ar churaclam an mheánoideachais shinsearaigh atá ar na bacáin, tá gá le tuilleadh athchóirithe, lena n-áirítear córas ollscoile na hIodáile a ailíniú le caighdeáin Eorpacha trí srian a chur le scrúdaithe a athdhéanamh saor in aisce, íoscheanglais chreidmheasa agus freastail a thabhairt isteach, maoiniú atá bunaithe ar ANVUR[18] a nascadh le meastóireachtaí cúrsa agus rátaí críochnaithe, agus an treoiraíocht maidir leis an aistriú ón óideachas tánaisteach go dtí an oideachas treasaigh agus cur chun cinn ETIM a leathnú (go háirithe i measc na mban). Trí scileanna idirdhisciplíneacha agus scileanna atá dírithe ar an obair a leabú i gcláir ollscoile agus trí nochtadh níos mó don fhoghlaim obairbhunaithe, go háirithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus intéirneachtaí éigeantacha ar leibhéal ollscoile, is féidir tacú le hinfhostaitheacht céimithe agus an soláthar scileanna a mheaitseáil ar bhealach níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair.

[18] Is é ANVUR (Agenzia Nazionale di Valutazione del Sistema Universitario e della Ricerca) Gníomhaireacht Náisiúnta na hIodáile um Meastóireacht ar na Córais Ollscoile agus Taighde.

(40) Tá rochtain ar chúram sláinte san Iodáil tar éis dul in olcas le blianta beaga anuas, is é sin go bhfuil níos mó liostaí feithimh ann le haghaidh seirbhísí cúraim sláinte poiblí, go bhfuil an caiteachas neamh-in-aisíoctha i bhfad níos mó ná meán an Aontais agus go bhfuil éagothromaíochtaí críochacha móra ó thaobh soláthar cúraim sláinte, chomh maith le ganntanas foirne cúraim sláinte. Ba cheart leanúint d’athchóiriú 2022 ar chúram sláinte críochach a chur i bhfeidhm, arb é is aidhm dó na seirbhísí cúraim sláinte críochacha a atheagrú trí na saoráidí sláinte nua, trí chur i gcrích agus oibríochtú na saoráidí nua uile (tithe sláinte pobail agus ospidéil phobail) ar an leibhéal áitiúil a áirithiú, mar aon le comhtháthú struchtúrach pearsanra cúraim sláinte laistigh de na saoráidí sin, imscaradh iomlán córas cúraim sláinte digiteach idir-inoibritheach chun leanúnachas cúraim ar fud na struchtúr cúraim sláinte a ráthú, agus cistiú marthanach do sheirbhísí teilileighis agus cúraim baile. Ba cheart an t-athchóiriú ar chúram sláinte críochach a chur chun feidhme i sineirge le hathchóiriú 2015 ar chúram ospidéil agus ba cheart é a chomhlánú le beartais spriocdhírithe bhreise chun rochtain chothrom ar chúram sláinte a áirithiú go héifeachtach i gceantair inmheánacha na hIodáile. Tá sé ríthábhachtach freisin aghaidh a thabhairt ar ghanntanais pearsanra cúraim sláinte, go háirithe trí úsáid a bhaint as samhail phleanála an lucht saothair sláinte chun dáileadh réigiúnach a mheasúnú agus a réamh-mheas, infheistíochtaí spriocdhírithe a threorú agus bonn eolais níos fearr a chur faoi bheartais maidir le hoideachas agus oiliúint gairmithe. Ina theannta sin, tarraingteacht na bpríomhghairmeacha, go háirithe altraí, dochtúirí ginearálta agus dochtúirí éigeandála, ba cheart cur léi trí dhálaí oibre feabhsaithe, dreasachtaí gairme, cosaintí sábháilteachta agus dlíthiúla ráthaithe, agus cúrsaí speisialtóireachta ar ardchaighdeán. Ar deireadh, ba cheart cur chun feidhme iomlán an phlean bainistithe liosta Feithimh a áirithiú, go háirithe trí dul i ngleic le heasnaimh an ardáin liostaí feithimh, lena n-áirítear trí shásraí feabhsaithe bailithe sonraí, agus trí na foraitheanta ábhartha a ghlacadh, go háirithe iad siúd lena sainítear riachtanais foirne an lucht saothair agus lena mbunaítear treoirlínte teicniúla do chórais áirithinte réigiúnacha (CUPanna).

(41) D'ainneoin an fheabhsaithe a rinneadh le déanaí, tá na rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta fós sách ard san Iodáil, go háirithe i measc leanaí agus teaghlach, agus tá éagothromaíochtaí críochacha ag dul i méid. Tá an dearbhbhochtaineacht ar leibhéil níos airde ná riamh le blianta beaga anuas, rud a rinne difear do 8.4 % de theaghlaigh in 2024, lena n-áirítear 13.8 % de leanaí. Tá bearnaí móra réigiúnacha ann, agus tá an líon daoine atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta thart ar cheithre huaire níos airde ar na hOileáin ná mar atá san Oirthuaisceart. Bearnaí sa chosaint shóisialta, go háirithe d'oibrithe neamhthipiciúla, do dhaoine féinfhostaithe, do dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine lasmuigh de mhargadh an tsaothair, mar aon le laigí leanúnacha i soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha, tá siad fós ag cur le riosca ard bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta. D'ainneoin roinnt éifeachtaí dearfacha a d'eascair as sochair bunaithe ar ranníocaíochtaí, laghdaíonn aistrithe sóisialta seachas pinsin an bhochtaineacht níos lú ná meán an Aontais agus lagaigh siad a thuilleadh in 2025. Leis an scéim ioncaim íosta athchóirithe (Assegno di Inclusione 2023), laghdaíodh leordhóthanacht agus cumhdach, arna gcúiteamh go páirteach le hathchóirithe in 2025 agus 2026. Cé go bhfuil iarrachtaí beartais a rinneadh le déanaí chun tacú le teaghlaigh ag dul sa treo ceart, chuideodh scolaíocht lánaimseartha a leathnú agus cistiú inbhuanaithe a chur ar fáil do cheaintíní scoile le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, rud arb é an dúshraith a bheadh leis infheistíochtaí bonneagair na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, i gcomhréir le Straitéis an Aontais i gcoinne na Bochtaineachta agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Ina theannta sin, tá an easpa dídine fós ina feiniméan dian leanúnach, agus tá deis leordhóthanach ann chun cur le soláthar na n-idirghabhálacha lena dtugtar tús áite don tithíocht. Ar deireadh, tá dúshláin thábhachtacha fós ann maidir le seirbhísí cúnaimh shóisialta a sholáthar. Chuideodh spriocanna soiléire seirbhíse, faireachán níos láidre agus comhordú níos fearr ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le maoiniú leordhóthanach intuartha, le hinfhaighteacht seirbhísí a leathnú agus neamhionannais chríochacha a laghdú. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de sheirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta[19].

[19] SWD(2026)122 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2026.

(42) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hIodáile, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) leis an seachtú moladh agus an deichiú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an ochtú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (6) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

(43) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, cuirtear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 san áireamh i moltaí (1), (2), (3), (4) agus (6). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas ard poiblí. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moltaí (1), (2), (3), (4) agus (6) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le méadú lag táirgiúlachta, rud a thacaíonn le fás ionchasach OTI dá réir sin, agus mar thoradh air sin, cuidíonn siad freisin le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1). Cuidíonn moltaí (1), (2), (3), (4) agus (6) le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus le Moladh 2026 a chur chun feidhme le haghaidh bheartas eacnamaíoch an limistéir euro, i gcomhréir le haithris 43.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Iodáil in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A áirithiú go mbeidh an glanchaiteachas ag teacht leis an gconair cheartaitheach a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 i bhfianaise an diallta a thaifead an Coimisiún faoi 2025 *vis-à-vis* an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. I gcomhréir le cuspóirí inbhuanaitheachta fioscaí, an córas cánach a dhéanamh níos fabhraí don fhás inbhuanaithe, agus cothroime á háirithiú an tráth céanna, lena n-áirítear trí imghabháil cánach a chomhrac a thuilleadh agus tríd an gcaiteachas cánach atá fágtha a laghdú, lena n-áirítear caiteachas a bhaineann le cáin bhreisluacha agus fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol. Agus gealltanas an phlean fhioscaigh-struchtúraigh mheántéarmaigh mar dhúshraith, luachanna cadastracha a thabhairt cothrom le dáta mar chuid d’athbhreithniú níos leithne ar bheartais a bhaineann le tithíocht. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha chun na héifeachtaí ar fhás féideartha agus ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a mhaolú, trí lucht saothair ardcháilíochta a mhealladh agus a choinneáil freisin, agus trí rannpháirtíocht daoine níos sin sa lucht saothair a spreagadh, go háirithe sa Deisceart.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar sholúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar chreat an bheartais comhtháthaithe.

3. Tacú le taighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear trí sholáthar nuálaíochta a neartú, rud a chuirfidh le fócas ollscoileanna ar thráchtálú taighde agus gairmréime taighdeoirí. Slógadh coigiltis, leathnú na margaí caipitil, agus fás agus comhiomlánú gnólachtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacú le ról na n-infheisteoirí corparáideacha agus institiúideacha i gcaipiteal fiontair agus i gcothromas príobháideach, agus trí liostuithe nua agus eisiúint bannaí corparáideacha a éascú chomh maith. Straitéis thionsclaíoch a chur chun feidhme chun éagothromaíochtaí críochach a laghdú, trí na bearta beartais atá ann faoi láthair a chuíchóiriú agus trí phríomhthionscadail bhonneagair a chur san áireamh.

4. Éifeachtacht an riaracháin phoiblí a mhéadú a thuilleadh agus an acmhainneacht riaracháin a neartú a thuilleadh, go háirithe ar an leibhéal áitiúil. Riaráiste agus am diúscartha an chórais ceartais a laghdú a thuilleadh. Aghaidh a thabhairt ar na srianta atá fós ann ar an iomaíocht, lena n-áirítear i dtaobh earnáil an iompair agus earnáil an leictreachais, agus dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann ar shaorghluaiseacht earraí.

5. Dlús a chur leis an leictriú agus leis na hiarrachtaí chun fuinneamh agus stóráil in-athnuaite a imscaradh, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán athchóirithe ceadaithe, go háirithe ar an leibhéal fonáisiúnta, agus infheistíocht a dhéanamh san eangach leictreachais. Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus a dtionchar eacnamaíoch a mhaolú, lena n-áirítear trí chomhordú níos institiúidí, réitigh dhúlrabhunaithe agus cumhdach árachais aeráide. Dul i ngleic le neamhéifeachtúlachtaí atá fós ann ó thaobh bainistiú uisce agus dramhaíola trí bhearnaí bonneagair a laghdú, i réigiún an Deiscirt go háirithe.

6. Leanúint de cháilíocht na bpost a chur chun cinn trí dheighilt mhargadh an tsaothair a laghdú a thuilleadh agus trí tacú le torthaí éifeachtacha cómhargála, chun tacú le pá leordhóthanach freisin. Tacú le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus ar rochtain ar sheirbhísí cúraim inacmhainne ar ardchaighdeán, agus éagothromaíochtaí críochacha á gcur san áireamh. Leanúint de na hiarrachtaí chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Leanúint den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint agus den fhoghlaim aosach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí oiliúint san obair agus faisnéis scileanna a neartú. Feabhas a chur ar thorthaí oideachais, agus béim á leagan ar bhunscileanna, agus ar ábharthacht an oideachais threasaigh don mhargadh saothair. Feabhas a chur ar rochtain thráthúil ar chúram sláinte inacmhainne, agus dul i ngleic le ganntanais i bpríomhghairmeacha sláinte freisin. Leanúint d'fheabhas a chur ar chumhdach agus leordhóthanacht na cosanta sóisialta chomh maith le rochtain ar sheirbhísí sóisialta do dhaoine i gcásanna leochaileacha, go háirithe leanaí, agus an inbhuanaitheacht fhioscach á coinneáil ar bun an tráth céanna.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---